IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Tuarascáil Deiridh an Oifigigh Éisteachta [1]

Cás M.9343 – Hyundai Heavy Industries Holdings / Daewoo Shipbuilding & Marine Engineering

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 93/03)

1. **REAMHRA**

1. An 12 Samhain 2019, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú beartaithe faoina bhfaighfí Hyundai Heavy Industries Holdings ('HHIH') trína fhochuideachta Korea Shipbuilding & Offshore Engineering, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 [2] ón gComhairle ("an Rialachán um Chumaisc"), urlámhas aonair ar Daewoo Shipbuilding & Marine Engineering Co., Ltd ("DSME") (an "tIdirbheart Beartaithe"). Chun críche na tuarascála seo, tagraítear do HHIH agus DSME i dteannta a chéile mar "na Páirtithe".

2. **NOSANNA IMEACHTA**

2. An 17 Nollaig 2019, ghlac an Coimisiún cinneadh chun imeachtaí a thionscnamh de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc, toisc gur ardaíodh ábhar amhrais tromchúiseach sa chéad chéim d'imscrúdú an Choimisiúin maidir le comhoiriúnacht an Idirbhirt Bheartaithe leis an margadh inmheánach.

2.1. **Síntí agus fionraíochtaí tosaigh na teorann ama**

3. An 10 Eanáir 2020, ar iarraidh fhoirmiúil ó HHIH dar dáta 10 Eanáir 2020, chuir an Coimisiún síneadh 20 lá oibre leis an tréimhse ama a socraíodh, de bhun Airteagal 10(3), an chéad fhomhír, den Rialachán um Chumaisc, le haghaidh ghlacadh an chinnidh de bhun Airteagal 8 den Rialachán um Chumaisc i ndáil leis an Idirbheart Beartaithe, mar a iarradh, de bhun Airteagal 10(3), an dara fomhír den Rialachán céanna.

4. Sula ndearnadh aon ráiteas agóidí a ghlacadh, cuireadh an nós imeachta ar fionraí faoi dhó le cinntí ón gCoimisiún a glacadh de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán um Chumaisc, toisc nár thug HHIH freagraí iomlána agus tráthúla ar iarrataí ar fhaisnéis ón gCoimisiún. Glacadh an chéad chinneadh an 4 Feabhra 2020, lenar cuireadh na teorainneacha ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc ar fionraí idir an 23 Eanáir agus an 21 Feabhra 2020. Glacadh an dara cinneadh an 1 Aibreán 2020, a chuir na himeachtaí ar fionraí idir an 31 Márta agus an 2 Meitheamh 2020.

([1]) De bhun Airteagail 16 agus 17 de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29) ("Cinneadh 2011/695/AE").

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

2.2. **Ráiteas agóidí**

5. An 8 Meitheamh 2020, ghlac an Coimisiún ráiteas agóidí a díríodh chuig HHIH. Cuireadh an méid sin in iúl go foirmiúil do HHIH an 9 Meitheamh 2020 ([3]) agus deonaíodh spriocdháta do HHIH a bharúlacha a chur isteach go dtí an 26 Meitheamh 2020, ar chuir Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta (AS na hIomaíochta) síneadh leis ina dhiaidh sin go dtí an 29 Meitheamh 2020. An 10 Meitheamh 2020, cuireadh DSME ar an eolas freisin maidir le glacadh an ráitis agóide agus tugadh an deis dó leagan neamhrúnda den ráiteas agóidí a iarraidh, dá mbeadh sé ag iarraidh barúlacha (ar leithligh) a chur isteach de bhun Airteagal 13(2) de Rialachán (CE) 802/ gCoimisiún ([4]).

6. Sa ráiteas agóidí, tháinig an Coimisiún ar an réamh-thuairim gur dócha go mbeadh bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach de réir bhrí Airteagal 2(3) den Rialachán um Chumaisc mar thoradh ar éifeachtaí neamh-chomhordaithe cothrománacha frithiomaíocha, go háirithe trí (i) staid cheannasachta a chruthú agus/nó (ii) deireadh a chur le srianta tábhachtacha iomaíochta a bhí curtha ag na Páirtithe ar a chéile agus laghdú ar bhrú iomaíoch ar na hiomaitheoirí atá fágtha sa mhargadh domhanda tógáil soithí móra a iompraíonn gás nádúrtha leachtaithe ("SMIGNLanna"); agus trí (i) ceannasacht HHI a neartú agus/nó (ii) deireadh a chur le srianta tábhachtacha iomaíochta a bhí curtha ag na Páirtithe ar a chéile agus laghdú ar bhrú iomaíoch na n-iomaitheoirí eile sa mhargadh domhanda maidir le tógáil iompróirí an-mhóra gáis peitriliam ("SAMIGPanna").

2.3. **Rochtain ar an gcomhad**

7. An 9 agus an 23 Meitheamh 2020, fuair HHIH rochtain ar na doiciméid inrochtana i gcáschomhad an Choimisiúin. Cuireadh rochtain ina dhiaidh sin ar an gcomhad ar fáil an 21 Deireadh Fómhair 2020, an 30 Aibreán 2021, an 22 Samhain 2021 agus an 20 Nollaig 2021.

8. Ní bhfuair mé aon ghearán ná aon iarraidh ó na Páirtithe maidir le rochtain ar an gcomhad.

2.4. **Tríú daoine leasmhara**

9. An 15 Meitheamh 2020, ligeadh isteach dhá eintiteas chun éisteacht a fháil mar thríú daoine leasmhara sa chás seo.

10. Soláthraíodh leagan neamhrúnda den ráiteas agóide do na tríú daoine leasmhara araon agus tugadh teorainn ama dóibh faoina gcaithfidís a gcuid barúlacha a chur isteach. Rinne gach ceann de na tríú daoine leasmhara amhlaidh, agus cuireadh leaganacha neamhrúnda dá dtuairimí i scríbhinn ar fáil do na Páirtithe.

2.5. **Freagra ar an ráiteas agóide**

11. An 29 Meitheamh 2020, d'fhreagair HHIH an ráiteas agóidí. Níor iarr na Páirtithe go dtionólfaí éisteacht fhoirmiúil ó bhéal.

2.6. **An teorainn ama a chur ar fionraí a thuilleadh**

12. An 14 Iúil 2020, Toisc nár sholáthair HHIH faisnéis iomlán mar fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis, ghlac an Coimisiún an tríú cinneadh de bhun Airteagal 11(3) den Rialachán um Chumaisc. Cuireadh an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 10(3) den Rialachán um Chumaisc ar fionraí leis an gcinneadh seo ón 13 Iúil 2020, an lá oibre tar éis an dáta ar cheart do HHIH freagra iomlán a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis. Cuireadh HHIH freagra iomlán isteach an 18 Samhain 2021, agus mhair an fhionraí dá réir sin go dtí deireadh an lae sin.

([3]) An 8 Meitheamh 2020, seoladh réamhchóip (neamhfhoirmiúil) faisnéise den ráiteas agóidí agus a litir chumhdaigh chuig dlíodóirí seachtracha HHIH cheana féin.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 802/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú, (IO L 133, 30.4.2004, lch.1).

2.7. **Litreacha fíoras**

13. Labhair an Coimisiún le HHIH dhá litir fíoras, an 28 Aibreán 2021 ("an Chéad Litir Fíoras") agus an 19 Samhain 2021 ("an Dara Litir Fíoras"), inar luaitear gnéithe fíorasacha breise agus/nó nuashonraithe mar thaca leis na réamhchonclúidí ar thángthas orthu sa ráiteas agóidí, a raibh sé mar chonclúid ag an gCoimisiún ina leith, nuair a rinneadh tuilleadh anailíse ar an gcomhad, go bhféadfaidís a bheith ábhartha chun bunús a thabhairt dá chinneadh críochnaitheach.

14. Chuir HHIH tuairimí i scríbhinn isteach maidir leis an gCéad Litir Fíoras an 2 Meitheamh 2021, agus maidir leis an Dara Litir Fíoras an 29 Samhain 2021.

15. An 3 Nollaig 2021, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagra HHIH ar an Dara Litir Fíoras, sheol AS na hIomaíochta roinnt fíorais bhreise trí ríomhphost, agus chuir sé in iúl go bhféadfadh an Coimisiún brath ar na fíricí sin ina mheasúnú deiridh agus gur theastaigh uaidh aird HHIH a tharraingt orthu. Chuir HHIH tuairimí isteach maidir leis na fíorais bhreise seo trí ríomhphost freagartha an 6 Nollaig 2021 ([5]).

2.8. **Dréachtchinneadh**

16. Sa dréachtchinneadh, ní thugann an Coimisiún aghaidh ach ar an margadh domhanda le haghaidh SMIGNLanna a thógáil, agus áitíonn an Coimisiún ina leith sin go gcuirfeadh an tIdirbheart Beartaithe bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh ar shuíomh ceannasach a chruthú i ngeall ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe. Ní sheasann an dréachtchinneadh a thuilleadh go n-eascraíonn bac suntasach ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh domhanda le haghaidh SAMIGPanna a thógáil as an Idirbheart Beartaithe.

17. Rinne mé athbhreithniú ar an dréachtchinneadh de bhun Airteagal 16(1) de Chinneadh 2011/695/AE agus bainim de thátal as nach ndéileáiltear ann ach le hagóidí ar tugadh an deis do na Páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl ina leith.

3. **CONCLUID**

18. Mar gheall ar an méid thuas, measaim gur urramaíodh feidhmiú éifeachtach na gceart nós imeachta sa chás seo.

An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022.

Dorothe DALHEIMER

([5]) An 6 agus an 7 Nollaig 2021, sheol an Coimisiún tuilleadh ríomhphost chuig HHIH, inar thug sé soiléirithe maidir le sraith an-teoranta fíoras.